



Imlitir 0022/2018

POLASÁÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017 - 2022

**SCÉIM AITHEANTAIS SCOILEANNA GAELTACHTA d'IAR-BHUNSCOILEANNA
I LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA NA GAELTACHTA**

**AN CHÉAD CHÉIM FHEIDHMITHE EILE
(AIBREÁN 2018 GO DEIREADH NA SCOILBHLIANA 2018/2019)**

**CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC NA nIAR-
BHUNSCOILEANNA I LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA, AGUS CHUIG
PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA mBORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**

Cuspóir na hImlitreach

Is é cuspóir na hImlitreach seo ná aird údaráis bhainistíochta na scoileanna a dhíriú ar na chéad chéimeanna eile á nglacfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn ina dhiaidh seo) agus iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht i bhfeidhmiú na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (an *Scéim* ina dhiaidh seo), ó Aibreán 2018 go deireadh na scoilbhliana 2018/19. Leanann an Imlitir seo ó Imlitir 0034/2017 ina ndearnadh cur síos ar an gCéim Fheidhmithe Tosaigh, a chlúdaíonn an tréimhse ó Aibreán 2017 go Meitheamh 2018.

Baineann **CUID A** den Imlitir seo leis na hiar-bhunscoileanna a chuir isteach ar an *Scéim* cheana agus baineann **CUID B** leis na hiar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta nár chuir isteach ar an *Scéim* go dtí seo. Leagtar amach i **gCUID C** na ról agus na freagrachtaí atá ann chun an *Polasáí* agus an *Scéim* a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

CUID A

Na hiar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta a roghnaigh cur isteach ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta cheana

1. Achoimre ar na príomhphointí

- Tá an *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* ag dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim fheidhmithe eile.
- Beidh maoiniú breise agus tacaíochtaí teagaisc ar fáil do na hiar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim*.
- Chun cuidiú le scoileanna an próiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) a úsáid go héifeachtach ar mhaithe lena bpleananna gníomhaíochta feabhsúcháin scoile a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach á ndéanamh orthu mar chuid dhílis den obair sin, beidh na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil:

- cuairteanna comhairleacha ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna chun na spriocanna teanga-bhunaithe agus na gníomhartha atá roghnaithe faoin bpróiseas féinmheastóireacht scoile (bunaithe ar na réimsí agus na caighdeáin mar atá in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016*) a phlé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhartha
- seimineáir réigiúnacha agus cuairteanna tacaíochta a bheidh á soláthar ag COGG chun treoir bhreise agus forbairt ghairmiúil a sholáthar d'iar-bhunscoileanna chun na spriocanna agus na gníomhartha atá roghnaithe acu faoin bpróiseas FMS a chur i bhfeidhm
- foilsiú agus eisiúint *Dréacht-Treoir Eatramhach d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta: Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais le tacaíocht ó COGG.*
- cuirfear tús ó Mheán Fómhair 2018 le *Forás* (clár forbartha teanga píolótach don Ghaeilge) in dhá iar-bhunscoil atá páirteach sa *Scéim*. Faoin gclár píolótach seo déanfar múinteoir amháin a dháileadh ar choibhéis lánaimseartha do gach ceann den dá iar-bhunscoil a roghnaítear don chlár chun tacú le scoláirí na sraithe sóisearaí a bhfuil gá soiléir lena scileanna teanga Gaeilge a fhorbairt ar bhonn idirthréimhseach i dtreo is go mbeidh siad in ann dul i ngleic go fóinteach le curaclam lán-Ghaeilge na scoile ag tosú le scoláirí na chéad bhliana
- cuirfear tús le tionscnamh cianfhoghlama e-mhol ar bhonn píolótach i gceithre iar-bhunscoil atá rannpháirteach sa *Scéim* chun cur leis an raon ábhar atá ar fáil trí Ghaeilge do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta.
- Foilseofar liosta de na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna go léir atá páirteach sa *Scéim* ar láithreán gréasáin na Roinne i samhradh na bliana 2018.

Aguisíní a ghabhann leis an Imlitir seo:

- A.** Uasdátú ar fhreagairt iar-bhunscoileanna don *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* (Aibreán 2017 go Aibreán 2018) agus ar ghníomhaíochtaí eile den *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta*.
- B.** Foirm um Léiriú Spéise: **Forás** (an clár forbartha teanga píolótach don Ghaeilge) chun tacú le scoláirí le linn na sraithe sóisearaí a bhfuil gá ar leith lena gcuid scileanna teanga Gaeilge a fhorbairt i dtreo is go mbeidh siad in ann dul i ngleic go fóinteach le curaclam lán-Ghaeilge na scoile agus leis an teagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge
- C.** Foirm um Léiriú Spéise: **Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**. Tugtar deis eile d'iar-bhunscoil sa Ghaeltacht nár roghnaigh a bheith páirteach sa *Scéim* sa chéad tréimhse fheidhmithe léiriú spéise a chur chuig an Roinn in 2018
- D.** Clár na dTacaíochtaí d'iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht nár chuir isteach ar an *Scéim* go fóill ach ar mian leo páirt a ghlacadh sa *Scéim* sa scoilbhliain 2018/19
- E.** Ballraíocht an Choiste Chomhairligh um Polasaí don Oideachas Gaeltachta.

2. Clár Tacaíochtaí d'Iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht sa chéad chéim fheidhmithe eile (Meán Fómhair 2018 - Lúnasa 2019)

Ag teacht le hImlitir 0034/2017, beidh iar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim* agus agus ar glacadh lena bpleananna gníomhaíochta incháilithe chun deontas a fháil i mí na Bealtaine 2018 agus chun tacaíochtaí agus acmhainní breise a fháil le linn na scoilbhliana 2018/2019. Beidh fáil ag na scoileanna ar na tacaíochtaí agus na hacmhainní ag brath i gcónaí ar fheidhmiú na spriocanna atá leagtha amach ag scoileanna sa phlean gníomhaíochta agus ar an monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanfar orthu. Caithfidh gach scoil sa *Scéim* tús a chur le feidhmiú na ngníomhaíochtaí sa phlean feabhsúcháin chomh luath agus is féidir ach faoi thús na scoilbhliana 2018/2019 ar a dhéanaí.

Beidh na hiar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta atá páirteach sa *Scéim* agus ar glacadh lena bpleananna gníomhaíochta ag an Roinn i dteideal na hacmhainní agus na tacaíochtaí seo a leanas a fháil i 2018/2019:

- **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)** Cuirfear FGL breise ar fáil do gach scoil atá páirteach sa *Scéim* agus déanfaidh COGG an obair seo a chomhordú i gcomhpháirt le seirbhísí tacaíochta ábhartha eile agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Más gá, agus de réir mar atá fáil ar acmhainní, beidh ionadaíocht ar fáil d’uasmhéid de dhá lá, do bheirt mhúinteoirí chun freastal ar sheimineáir/cheardlanna. Cuirfear an tacaíocht seo ar fáil tríd an gCóras Éileamh ar Líne (OLCS) nó faoi bhainistíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) ábhartha d’iar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim* in 2018. Mar aon leis na seimineáir seo, beidh fáil ar chuariteanna scoile breise don chuid eile den scoilbhliain 2018/2019, de réir mar is gá agus de réir mar atá fáil ar acmhainní. Cuirfidh COGG sceideal na seimineáir FGL d’iar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim* ar fáil roimhré, agus i gcomhpháirt le seirbhísí tacaíochta eile.
- **Deontas a leithdháileadh:** I mí na Bealtaine 2018 déanfar deontas €1,200 a íoc le gach iar-bhunscoil atá páirteach sa *Scéim* agus ar measadh a gcuid bpleananna gníomhaíochta feabhsúcháin scoile a bheith forbartha agus inghlactha chun na chéad chéimeanna den *Scéim* a chur i bhfeidhm. Is é cuspóir an deontais seo ná acmhainní teagaisc Gaeilge a chur ar fáil chun tacú le soláthar oideachais lán-Ghaeilge a bheidh ar ardcháilíocht. Beidh sé de cheangal ar iar-bhunscoileanna gach taifead ar chaiteachas a choimeád chun críche iniúchta de réir na nósanna imeachta don soláthar poiblí.

Gheofar liosta cuimsitheach d’acmhainní teagaisc trí Ghaeilge ar shuíomh gréasáin COGG ag www.cogg.ie

- **Uaireanta breise:** Déanfar uaireanta breise a sholáthar ó **Mheán Fómhair 2018** do thacaíocht teanga d’iar-bhunscoileanna a bhíonn páirteach sa *Scéim*, sa bhreis ar na huaireanta breise atá ar fáil cheana féin in 2017/18 faoin *Scéim*, mar seo a leanas:

<i>Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta – iar-bhunscoileanna</i>			
Rollúchán scoláirí	Uaireanta breise leithdháilte faoin <i>Scéim</i> don scoilbhliain 2017/18	Uaireanta breise do thacaíocht teanga leithdháilte don scoilbhliain 2018/2019	Iomlán uaireanta faoin <i>Scéim</i> don scoilbhliain 2018/2019
< 150	2	5	7
150-300	4	5	9
>300	5	5	10

Níor chóir na huaireanta teanga seo a úsáid ach amháin chun tacú leis na riachtanais atá aitheanta ag cainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge, mar chéad agus dara teanga, chun a gcuid Gaeilge a shaibhriú agus a fhorbairt. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar dhul chun cinn na foghlama d’fhonn stiúir a thabhairt do phlean gníomhaíochta na scoile chun an soláthar oideachais lán-Ghaeilge a neartú.

Iarrtar ar iar-bhunscoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim* cuntas a thabhairt ina dtuairiscí bliantúla féinmheastóireachta scoile ar an tslí ina bhfuil na huaireanta tacaíochta teanga in úsáid ar mhaithe le cur le heispéireis fhoghlama na scoláirí sa churaclam lán-Ghaeilge.

- **Tacaíocht na Cigireachta:** Leanfaidh foireann sainiúil de chigirí ar thacaíocht a sholáthar d’iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht d’fheidmiú na bpleananna gníomhaíochta ar mhaithe le cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge a neartú agus úsáid na Gaeilge i measc phobal na scoile a mhéadú.

3. Féinmheastóireacht scoile

Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile (FMS) próiseas inmheánach ar fáil do gach scoil chun pleananna gníomhaíochta feabhsúcháin scoile a fhorbairt, a chur chun cinn, a athbhreithniú agus a uasdátú go bliantúil ar mhaithe leis an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a threisiú.

Meabhraítear do scoileanna gur modh oibre nó cur chuige atá sa bhféinmheastóireacht ina ndéantar iniúchadh athmhachnamhach agus ina dtarlaíonn uaidh sin gníomhú chun feabhais ina mbíonn an fhianaise a bhailítear i ngach comhthéacs scoile ar leith mar bhonn eolais, agus ina ndírítear go sonrath ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Cuireann an FMS próiseas ar fáil do gach scoil chun plean gníomhaíochta dá gcuid féin a fhorbairt agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air chun an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a threisiú agus chun Sonraíocht T1 na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge, agus téamaí DEIS ag brath ar chomhthéacs na scoile, a chur i bhfeidhm.

A luaithe agus a bhíonn an chéim iniúchaidh agus anailíse thart, agus féinmheastóireacht na scoile agus an plean gníomhaíochta feabhsúcháin forbartha, ní mór do scoileanna monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag plean gníomhaíochta na scoile ar fhoghlaim na scoláirí le linn na céime feidhmiúcháin.

Ba chóir úsáid a bhaint as an bpróiseas sé-chéim FMS mar aon leis an gcuid sin a bhaineann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim in **Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iarbhunscoileanna**, agus atá ar fáil freisin in **Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2022 Iar-Bhunscoileanna**, nuair a bhíonn athmhachnamh agus meastóireacht á ndéanamh ar an gcleachtas reatha. Mar chuid de na tacaíochtaí a bheidh ar fáil d'iar-bhunscoileanna faoin *Scéim* beidh cuairteanna comhairleacha agus monatóireachta á ndéanamh ag cigirí chun tacú leis na scoileanna.

4. Forás (an clár forbartha teanga píolótach don Ghaeilge)

Tá soláthar á dhéanamh ag Aonad um Oideachas Gaeltachta na Roinne chun Forás (an clár forbartha teanga píolótach don Ghaeilge) a fheidhmiú in dhá iar-bhunscoil Ghaeltachta atá páirteach sa *Scéim*, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis seo ag tús na scoilbhliana 2018/19. Déanfar múinteoir breise amháin a bhfuil ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge acu ar chóibhéis lánaimseartha a dháileadh ar gach ceann den dá iar-bhunscoil a roghnaítear.

Is é mórchuspóir an chláir phíolótaigh, a bheidh á sholáthar in dhá scoil ina bhfuil an teagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge, ná tacú, ar bhonn idirthréimhseach, le scoláirí na sraithe sóisearaí a bhfuil lag-chumas Gaeilge acu ag tosú le scoláirí na chéad bhliana chun tacaíochtaí breise a chur ar fail dóibh d'fhonn a gcumas Gaeilge a fheabhsú. Cuirfear an tacaíocht bhreise seo ar fáil taobh le taobh leis an tacaíocht trí mheán na Gaeilge a bheidh ar fáil sa phríomhchuid den scoil. Sa chlár Forás, beidh an Ghaeilge in úsáid mar phríomhtheanga na cumarsáide agus an teagaisc mar thaca le foghlaim na scoláirí agus le daingniú na foghlama. Is é is aidhm leis an tacaíocht seo ná cáilíocht scileanna Gaeilge na scoláirí seo a fhorbairt go suntasach san idirthréimhse go mbeidh an tacaíocht ar fáil dóibh chun gur fearr go mór a bheidh siad in ann dul i ngleic le curaclam lán-Ghaeilge na scoile.

Le bheith incháilithe, caithfidh an iar-bhunscoil i limistéar pleanála teanga Gaeltachta:

- íosmhéid 150 scoláire a bheith cláraithe
- a bheith ag feidhmiú go sásúil trí Ghaeilge cheana
- a bheith rannpháirteach sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* agus a bhfuil a plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile glactha ag an Roinn.

Áirítear freisin na cúinsí seo a leanas:

- An leibhéal foirniú teagaisc mar atá san iar-bhunscoil

- Próifíl teanga na mbunscoileanna friothálacha e.g. briseadh síos ar líon na ndaltaí a bheidh le clárú ó bhunscoileanna atá ag feidhmiú trí Ghaeilge, trí Bhéarla, agus ó bhunscoileanna friothálacha atá ag feidhmiú go dátheangach
- Fianaise a sholáthar ar an tslí ina bhfuil sé i gceist ag an iar-bhunscoil an múinteoir breise a dháileadh chun freastal ar chuspóirí an chláir forbartha teanga phíolótaigh don Ghaeilge (**Forás**).

Ní bheidh ach na scoileanna sin amháin a shásaíonn na critéir thuasluaite incháilithe chun an Fhoirm um Léiriú Spéise a chomhlánú (féach Aguisín B), a chaithfear a chur ar ais go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó sa phost chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96. Is é an spriocdháta chun na Foirmeacha um Léiriú Spéise a fháil don chlár forbartha teanga píolótaigh don Ghaeilge ná **Aoine, 4 Bealtaine 2018**. Cuirfear in iúl do scoileanna faoi thoradh an phróisis roghnúcháin ar **18 Bealtaine 2018**.

CUID B

Na iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta nár chuir isteach ar an *Scéim* go fóill ach ar mian leo spéis a léiriú in 2018

Tá deis bhreise á cur ar fáil d'iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta nár chuir isteach go dtí seo ar an *Scéim*, foirm um léiriú spéise a chur isteach chuig an Roinn in 2018. Tá cóip den fhoirm le fáil in **Aguisín C**. Beidh na iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta incháilithe chun acmhainní agus tacaíochtaí a fháil ar aon dul leo siúd a cuireadh ar fáil d'iar-bhunscoileanna sa chéad chéim fheidhmithe, de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá in Imlitir 0034/2017, atá uasdátaithe in **Aguisín D** den Imlitir seo.

Caithfidh an bord bainistíochta, pobal na scoile agus an coiste áitiúil um phleanáil teanga a bheith páirteach sa chinneadh ar Fhoirm um Léiriú Spéise a chomhlánú don rannpháirtíocht sa *Scéim*, mar atá in alt 3.1 d'Imlitir 0034/2017.

Beidh ar an scoil a bheidh rannpháirteach sa *Scéim* dul i mbun phleanáil ghníomhaíochta chun feabhsúcháin agus plean gníomhaíochta na scoile a chur isteach chuig an Roinn i mí Eanáir 2019 agus é a bheith inghlactha ag an Roinn ina dhiaidh sin le bheith i dteideal acmhainní breise a fháil mar atá in **Aguisín D** den Imlitir seo.

Beidh rannpháirtíocht iar-bhunscoileanna sa *Scéim* ag brath i gcónaí ar choinníollacha na himlitreach seo, nó aon imlitir eile a bhaineann leis an *Scéim*, a shásamh. Caithfidh iar-bhunscoileanna dul chun cinn sásúil agus feabhsúchán leanúnach a léiriú maidir leis na critéir theanga-bhunaithe a shásamh ón bhfeidhmiú scoile-uile, agus ó mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha síos ina bpleananna gníomhaíochta.

Má chinneann an Roinn, ag aon am, nach bhfuil coinníollacha na *Scéime* á gcomhlíonadh, beidh sé de cheart an scoil a bhaint ón *Scéim*. Má tharlaíonn sé go mbítear míshásta le cinneadh na Roinne maidir le haon ghné ar leith de riar na *Scéime*, tabharfaidh painéal neamhspleách breithmheas ar achomharc.

CUID C

Na róil agus na freagrachtaí atá ann chun an *Polasaí* agus an *Scéim* a chomhordú agus a chur i bhfeidhm

1. An tAonad um Oideachas Gaeltachta

Leanfaidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta atá sainaitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar thacú le, ar mhaoirsiú agus ar bhainistiú fheidhmiú an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* agus na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa chéad chéim fheidhmithe eile.

2. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) – Gníomhaíochtaí in 2018-2019

Leanfar leis an tacaíocht atá á soláthar ag COGG don Aonad um Oideachas Gaeltachta maidir le feidhmiú an *Pholasaí* agus na *Scéime*. Tá acmhainní breise curtha ar fáil do COGG in 2018 lena n-áirítear soláthar leantach ar bheirt oifigeach oideachais ar iasacht chun tacú le feidhmiú an *Pholasaí*.

I measc na mbeart atá le cur i bhfeidhm ag COGG in 2018 beidh:

- comhordú ar sheimineáir FGL atá bainteach le sainriachtanais phríomhoidí agus mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta atá ag glacadh páirte sa *Scéim* chun tacú le feidhmiú a bpleananna gníomhaíochta agus an soláthar oideachais lán-Ghaeilge a fheabhsú
- eolas a sholáthar agus a scaipeadh go leanúnach chuig pobail scoile ar na buntáistí a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge
- comhordú ar ghréasáin a fhorbairt do scoileanna atá páirteach sa *Scéim*
- sparántachtaí taighde a sholáthar do phríomhoidí agus/nó do mhúinteoirí atá páirteach sa *Scéim* chun tabhairt faoi thaighde ar an oideachas trí mheán na Gaeilge agus Gaeltachta
- forbairt agus feabhsú breise ar láithreán gréasáin COGG mar thairseach acmhainne ina bhfuil fáil ar acmhainní Gaeilge do scoileanna sa Ghaeltacht.

3. Tacaíocht ón gCigireacht

- Leanfaidh foireann sainiúil cigirí ag tacú leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta trí chruinnithe comhairleacha a sholáthar chun tacú le hiar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht machnamh a dhéanamh ar na gníomhartha atá curtha i bhfeidhm acu chun freagairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí chéad agus dara teanga.
- Déanfaidh an chigireacht monatóireacht agus tuairisciú ar fheidhmiú phleananna gníomhaíochta na n-iarbhunscoileanna agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge.
- Beidh an Chigireacht ag obair go dlúth le COGG agus leis na seirbhísí tacaíochta scoile éagsúla freisin chun cur chuige comhtháite, comhsheasmhach a chinntiú don fheabhsúchán scoile i leith an tsoláthair oideachais lán-Ghaeilge a neartú i scoileanna Gaeltachta.

Eolas Breise/Ceisteanna Coitianta

Déantar eolas agus nuashonruithe faoin *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* agus faoin *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* a fhoilsiú go rialta ar láithreán gréasáin na Roinne. Tá Ceisteanna Coitianta i dtaca leis an bpróiseas iarratais ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne, agus déanfar iad a nuashonrú go rialta.

Ba chóir fiosruithe maidir le feidhmiú na *Scéime* nó maidir le cur i bhfeidhm an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta* a sheoladh ar ríomhphost chuig aog@education.gov.ie nó trí ghnáthphost chuig: **An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96.**

Iarrtar ar phríomhoidí iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta aird gach comhalta uile den bhord bainistíochta/na Boird Oideachais agus Oiliúna, na múinteoirí (lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta), pátrún na scoile, na foirne coimhdí, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an phobail scoile áitiúil, a dhíriú ar an Imlitir seo. Tá fáil ar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: www.education.ie

Treasa Kirk
Príomhoifigeach, An tAonad um Oideachas Gaeltachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

Márta 2018

Aguisín A

Uasdátú ar Fhreagairt Iar-Bhunscoileanna don *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Aibreán 2017 go Aibreán 2018)* agus ar ghníomhaíocht eile an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta*

- Roghnaigh tromlach mór na niar-bhunscoileanna i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta páirt a ghlacadh sa *Scéim* in 2017/18. Le foilsiú na hImlitreach, tá deis eile á cur ar fáil ag an Roinn d'aon iar-bhunscoil sa Ghaeltacht nár chuir isteach ar an *Scéim* go dtí seo páirt a ghlacadh le linn na scoilbhliana 2018/19.
- Thug foireann sainiúil cigirí 27 gcuairt chomhairleach ar iar-bhunscoileanna atá sa *Scéim* idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2017 chun tacú leo agus iad ag gníomhphleanáil dá bhfeabhsúchán bainteach leis na critéir theanga-bhunaithe chun a soláthar oideachais sa tumoideachas a threisiú.
- Tá forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) faighte ag gach iar-bhunscoil a léirigh spéis sa *Scéim* in 2017 agus is í COGG a rinne an obair seo a chomhordú i gcomhpháirt leis na seirbhísí tacaíochta ábhartha agus le Cigireacht na Roinne.
- Chuir gach iar-bhunscoil a roghnaigh páirt a ghlacadh sa *Scéim* le linn na scoilbhliana 2017/2018 a bpleananna gníomhaíochta chuig an Roinn de réir théarmaí Imlitir 0034/2017. Tá an tAonad um Oideachas Gaeltachta tar éis gach plean a athbhreithniú agus tá toradh an athbhreithnithe sin curtha in iúl do na hiar-bhunscoileanna. Tá tacaíocht leantach bhreise á soláthar i bhfoirm chuirteanna comhairleacha breise, de réir mar is gá.

Uasdátú ar fheidhmiú ghíomhartha den *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022* a bhaineann le hoideachas múinteoirí (*Aibreán 2017 go Aibreán 2018*)

- Mar thoradh ar chomhairliúchán agus ar chomhoibriú go leanúnach idir An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) d'fhoilsigh an OSR, ag deireadh mhí na Nollag 2017, thar ceann na Roinne, Iarraidh ar Thairiscintí (IAT) chun clár oideachais múinteoirí trí mheán na Gaeilge a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar do dhá chúrsa oideachas múinteoirí trí mheán na Gaeilge. Beidh fáil ar chlár Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) 4-bliana B.Oid. lánaimseartha trí mheán na Gaeilge (bunmhúinteoireacht) agus ar chlár oideachas múinteoirí iarchéime M.Oid. 2-bhliain páirtaimseartha trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí /phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile, atá sa chóras.
- Is é an cuspóir a bhaineann le tús a chur le dhá chlár oideachas múinteoirí trí mheán na Gaeilge ná cur leis an líon múinteoirí ar féidir leo oideachas ar ardcháilíocht trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus cur le cumas Gaeilge na múinteoirí atá ann faoi láthair.
- Is é an dáta tosaithe atá beartaithe don B.Oid trí mheán na Gaeilge ná Meán Fómhair 2019, agus tosódh an M.Oid. trí mheán na Gaeilge i mí Mheán Fómhair 2018.
- Mar chuid den *Pholasaí* a chur i bhfeidhm, chuir an Roinn dhá phost teagaisc breise ar fáil don chlár oideachas múinteoirí ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), an *Máistir Gairmiúil san Oideachas*, trí shocruithe iasachtaí. Is é an cuspóir a bhaineann leis an dá phost breise seo ná tús a chur le méadú a dhéanamh ar an líon múinteoirí iar-bhunscoile ar féidir leo raon ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Aguisín B

Foirm don Léiriú Spéise le bheith páirteach i bhForás

Le comhlánú ag bainistíocht iar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*

Más incháilithe, cuir an Fhoirm don Léiriú Spéise chomhlánaithe ar ais chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta go leictreonach ar aog@education.gov.ie nó sa ghnáthphost chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96 faoin Aoine, 4 Bealtaine 2018 ar a dhéanaí.

Tá soláthar á dhéanamh ag Aonad um Oideachas Gaeltachta na Roinne chun Forás (an clár forbartha teanga píolótach don Ghaeilge) a fheidhmiú in dhá iar-bhunscoil Gaeltachta atá páirteach sa *Scéim*, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis seo ag tús na scoilbhliana 2018/19. Déanfar múinteoir breise amháin ar chóibhéis lánaimseartha a dháileadh ar gach ceann den dá iar-bhunscoil a roghnaítear.

Is é mórchuspóir an chláir phíolótaigh, a bheidh á sholáthar in dhá scoil ina bhfuil an teagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge, ná tacú, ar bhonn idirthréimhseach, le scoláirí na sraithe sóisearaí a bhfuil lag-inniúlacht Ghaeilge acu, ag tosú le scoláirí na chéad bhliana, lena gcumas Gaeilge a fheabhsú agus a bheith in ann dul i ngleic go fóinteach leis an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge sa scoil.

Roghnófar dhá iar-bhunscoil i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta ag baint úsaide as na critéir roghnaithe seo a leanas:

- Iar-bhunscoil le breis agus 150 scoláirí cláraithe
- Iar-bhunscoil atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge cheana
- Iar-bhunscoil atá ag feidhmiú sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* agus a bhfuil a plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile glactha ag an Roinn

Áirítear freisin na cúinsí seo a leanas:

- An leibhéal foirniú teagaisc mar atá san iar-bhunscoil
- Próifíl teanga na bhunscoileanna friothálacha e.g. briseadh síos ar líon na ndaltaí a bheidh le clárú ó bhunscoileanna atá ag feidhmiú trí Ghaeilge, trí Bhéarla, agus ó bhunscoileanna friothálacha atá ag feidhmiú go dátheangach
- Fianaise a sholáthar ar an tslí ina bhfuil sé i gceist ag an iar-bhunscoil an múinteoir breise a dháileadh chun freastal ar chuspóirí an chláir forbartha teanga píolótaigh don Ghaeilge (Forás).

Ainm na scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

Seoladh na scoile: _____

Uimhir ghutháin: _____ Ríomhphost: _____

Léirigh le do thoil na cúiseanna a bhaineann le spéis a bheith agat a bheith páirteach i bhForás (an clár forbartha teanga píolótach don Ghaeilge) (uasmhéid 200 focal). Bí cinnte go mbíonn na réimsí seo a leanas clúdaithe i do fhreagairt:

- Próifíl na scoile
- Ainmneacha agus próifíleacha teanga gach bunscoil fhriothálach (tabhair briseadh síos ar líon na ndaltaí a bheidh le clárú ó bhunscoileanna atá ag feidhmiú trí Ghaeilge, trí Bhéarla, agus ó bhunscoileanna friothálacha atá ag feidhmiú go dátheangach). **Ná cuir sonraí pearsanta na scoláirí san áireamh ar an bhfoirm seo le do thoil.**
- An tslí ina bhfuil sé i gceist ag an iar-bhunscoil an múinteoir breise a dháileadh, ar bhonn idirthréimhseach, chun freastal ar chuspóir an Chláir Tacaíochta Forás mar thaca le scoláirí na sraithe sóisearaí a bhfuil lagchumas Gaeilge acu agus a chur ar a gcumas a gcuid Gaeilge a fheabhsú.

D'fhéadfadh go mbeidh an fhaisnéis atá tugtha agat ar an bhfoirm seo ina ábhar iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI), agus dá bhrí sin go nochtófar cuid di nó an t-iomlán chuig iarrthóir. Mar sin, táimid ag iarraidh ort, mar chuid de do fhreagra, aon fhaisnéis a shainaithint a mheasann tú a bheith íogair agus díolmhaithe ó nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Cuideoidh sé seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna sa phróiseas cinnteoireachta má fhaightear iarratas um Shaoráil Faisnéise.

Is mian linn spéis ár scoile a chlárú maidir le bheith san áireamh mar scoil don rannpháirtíocht i bhForás (an clár forbartha teanga píolótach don Ghaeilge): Sea Ní hea

Síniú: _____ Dáta: _____
Príomhoide

Síniú: _____ Dáta: _____
Príomhfheidhmeannach / Cathaoirleach
an Bhoird Bhainistíochta

Aguisín C

Foirm um Léiriú Spéise don *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*

Le comhlánú ag bainistíocht na n-iarbhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta

Seol an Fhoirm um Léiriú Spéise comhlánaithe chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó sa ghnáthphoist chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96 tráth nach déanaí ná 1ú Meitheamh 2018.

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimhir Ghutháin: _____ R-phost: _____

- Is mian liom a dheimhniú gur pléadh ábhar na nImlitreach 0034/2017 agus 0022/2018 agus an *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* ag cruinnithe leis an bhfoireann teagaisc, le cumann na dtuismitheoirí, agus leis an mbord bainistíochta

Síniú: _____ Síniú: _____
Príomhoide Príomhfheidhmeannach / Cathaoirleach
an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: _____ Dáta: _____

Is mian liom a dheimhniú gur pléadh ábhar na nImlitreach 0034/2017 agus 0022/2018 agus an *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* ag cruinnithe le Cathaoirleach an choiste pleanála-teanga Gaeltachta:

Síniú: _____
Ainm chathaoirleach an choiste pleanála teanga

Uimhir Ghutháin: _____ R-phost: _____

3) Mar chuid den léiriú spéise sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*, tabhair cur síos gonta le do thoil ar na nithe seo a leanas (200 focal ar a mhéid):

- Cinneadh na scoile maidir le bheith rannpháirteach sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*
- Na gníomhartha a rinneadh chun teacht ar an gcinneadh i dtaca le léiriú spéise chun páirt a ghlacadh sa *Scéim*
- Tionscnaimh ar bith ina bhfuil an scoil páirteach faoi láthair chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal
- An teagmháil atá déanta ag an scoil leis an gcoiste atá freagrach as an bplean teanga ina limistéar pleanála teanga Gaeltachta lena dheimhniú go bhfuil a fhios ag an gcoiste go bhfuil spéis ag an scoil páirt a ghlacadh sa *Scéim* chun stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach

D'fhéadfadh go mbeidh an fhaisnéis atá tugtha agat ar an bhfoirm seo ina ábhar iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI), agus dá bhrí sin go nochtófar cuid di nó an t-iomlán chuig iarrthóir. Mar sin, táimid ag iarraidh ort, mar chuid de do fhreagra, aon fhaisnéis a shainaitheint a mheasann tú a bheith íogair agus díolmhaithe ó nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Cuideoidh sé seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna sa phróiseas cinnteoireachta má fhaightear iarratas um Shaoráil Faisnéise. Tabhair aird go bhféadfaí eolas atá ar an bhfoirm seo a chur ar fáil do COGG freisin chun tacú leis an ról atá aici i gcur i bhfeidhm an *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*.

Is mian liom LÉIRIÚ SPÉISE ÁR SCOILE A CHLÁRÚ le bheith rannpháirteach sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*

Síniú: _____ Síniú: _____
Príomhoide Príomhfheidhmeannach / Cathaoirleach
an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: _____ Dáta: _____

Aguisín D

Clár na dTacaíochtaí d'iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht ar mian leo páirt a ghlacadh sa *Scéim* sa scoilbhliain 2018/19 (Dréacht leasaithe ó Imlitir 0034/2017)

- **Semineáir do phobail scoile:** I bhFómhar 2018, déanfaidh COGG, i gcomhar leis an Roinn agus páirtithe leasmhara eile, comhordú ar sheimineár sna limistéir pleanála teanga Ghaeltachta, de réir mar is gá, ar mhaithe le feasacht bhoird bhainistíochta, tuismitheoirí, agus ionadaithe ó choistí pleanála teanga a mhéadú chun tacaíocht agus feabhas a chur ar an oideachas trí Ghaeilge i scoileanna atá páirteach sa *Scéim*.
- **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL):** Cuirfear FGL sa bhreis ar fáil d'iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht atá páirteach sa *Scéim*, a bheidh á comhordú ag COGG i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha agus le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Áireoidh an FGL seo dhá sheimineár/sheisiún do phríomhoidí agus do bhall amháin eile den fhoireann teagaisc i bhFómhar 2018 chun cuidiú le scoileanna a chinntiú go mbeidh fócas-scoile uile ina bpróisis pleanála gníomhaíochta chun feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais trí Ghaeilge. Cuirfear ceardlanna leantacha ar fáil i gcuasaigh scoileanna ó Eanáir go Meitheamh 2019 mar fhreagairt ar riachtanais a bhíonn aitheanta go háitiúil chun an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a threisiú. Más gá, agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní, cuirfear ionadaíocht ar fáil le freastal ar na seimineáir/ceardlanna seo. **Cuirfidh COGG, i gcomhar le seirbhísí tacaíochta eile, de réir mar is gá, sceideal de na seimineáir eolais agus FGL d'iar-bhunscoileanna a roghnaíonn páirt a ghlacadh sa *Scéim* ar fáil, roimh gach téarma scoile.**
- **Uaireanta breise chun tacú le pleanáil ghníomhaíochta sa scoilbhliain ó Mheán Fómhair 2018 go Meitheamh 2019:** D'fhonn tacú le hiar-bhunscoileanna i limistéir pleanála Ghaeltachta atá ag glacadh páirt sa *Scéim* in 2018, cuirfear uaireanta breise ar fáil d'iar-bhunscoileanna i gcomhréir le méid na scoile. Ní mór d'iarbhunscoileanna na huaireanta seo a úsáid sa tréimhse ó **Mheán Fómhair 2018 go Meitheamh 2019** d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas pleanála gníomhaíochta atá nasctha leis na critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar scoil Ghaeltachta, mar atá in alt 3.2 d'Imlitir 0034/2017. Is é seo a leanas leithdháileadh na n-uaireanta d'aon iar-bhunscoil i limistéar pleanála teanga Gaeltachta a roghnaíonn páirt a ghlacadh sa *Scéim* ó Mheán Fómhair 2018 go Meitheamh 2019:
 - **Iar-bhunscoileanna beaga** i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta le rollú níos lú ná 150 scoláire: leithdháilfear 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine in aghaidh na scoile chun gabháil do phleanáil ghníomhaíochta
 - **Iar-bhunscoileanna meánmhéide** le rollú 150-300 scoláire: leithdháilfear 4 uair an chloig sa tseachtain in aghaidh na scoile chun gabháil do phleanáil ghníomhaíochta
 - **Iar-bhunscoileanna móra** le rollú de bhreis ar 300 scoláire: leithdháilfear 5 uair an chloig sa tseachtain do gach scoil chun gabháil do phleanáil ghníomhaíochta.
- **Tacaíocht na Cigireachta:** Beidh fáil ar fhoireann de chigirí a bheidh freagrach as comhairle, tacaíocht agus aiseolas a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim* in 2018/19 i dtaca lena bpleananna um shocrú spriocanna agus um pleanáil ghníomhaíochta feabhsúchán ar bhonn scoile-uile ag baint úsáide as critéir theanga-bhunaithe chun tacú le tumoideachas ardcháilíochta a chur i bhfeidhm.
- **Leithdháileadh Deontais:** Beidh ar aon iar-bhunscoil i limistéar pleanála teanga Gaeltachta a roghnaíonn páirt a ghlacadh sa *Scéim* in 2018/19 plean gníomhaíochta a chur isteach chuig an Roinn faoi 31 Eanáir 2019. Faoi réir ag an bhfaomhadh a bheith tugtha don phlean gníomhaíochta, leithdháilfear deontas €1,200 don iar-bhunscoil i mí Bealtaine 2019 d'fhonn íoc as acmhainní breise Gaeilge chun tacú le feidhmiú an phlean gníomhaíochta scoile. Beidh sé de cheangal ar iar-bhunscoileanna gach taifead ar chaitheas a choimeád chun críche iniúchta de réir na nósanna imeachta don soláthar poiblí.

Aguisín E

Ballraíocht an Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta:

- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- An Foras Pátrúnachta
- An Foras Taighde ar Oideachas (FTO)
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG)
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ)
- An Roinn Sláinte
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)
- Aontas Múinteoirí Éireann (AMÉ)
- Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Bunbhrainse
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Iar-bhunbhrainse
- Comhar Naíonraí na Gaeltachta
- Comhchoiste na mBainisteoirí (CCB)
- Comhdháil Cheannasaithe na gColáistí Oideachais in Éirinn (CHOICE)
- Conradh na Gaeilge
- Cumann Ionaid Mhúinteoirí/Oideachais in Éirinn (CIMOÉ)
- Cumann Múinteoirí Éireann (CMÉ)
- Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)
- Cumann na Mac Léinn Iar-bhunscoile (ANMI)
- Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (CMÉ)
- Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha (CSPC)
- Foras na Gaeilge
- Gaeloideachas
- Líonra Phríomhoidí Bhunscoile Éireann (LPBÉ)
- Luath-Óige Éireann
- Muintearas
- Oideachas Caitliceach, Iontaobhas Scoileanna Éireannacha (CEIST)
- Oidhreachta Chorca Dhuibhne
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG)
- Tuismitheoirí na Gaeltachta
- Údarás na Gaeltachta